

An  
Bord  
Pleanála

**Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2015**  
**Annual Report and Accounts 2015**

## Ráiteas Misin

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaon, éifeachtach agus oscailte chun a áiritiú go luífeadh forbairt fhisiciúil agus tionscnamh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

## Mission Statement


To play our part as an independent national body in an impartial, efficient and open manner, to ensure that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development, including the protection of the environment.

## Sainordú

Bunaíodh An Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanál agus Forbairt), 1976. Is iad príomhchúramí an bhoird achomhairc phleanála agus nithe áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanál agus Forbairt 2000 go 2015 agus iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a chinneadh, lena n-áirítear mórchásanna bóthair agus iarnróid. Tá cúram air chomh maith déileáil le tograí ó údarás áitiúla agus grúpaí eile maidir le talamh a cheannach go héigeantach faoi achtacháin éagsúla. Feidhmeanna eile dá chuid is ea achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Aer agus faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

## Mandate

An Bord Pleanála was established in 1977 under the Local Government (Planning and Development) Act, 1976 and is responsible for the determination of appeals and certain other matters under the Planning and Development Acts 2000 to 2015 and determination of applications for Strategic Infrastructure Development including major road and railway cases. It is also responsible for dealing with proposals for the compulsory acquisition of land by local authorities and others under various enactments. An Bord Pleanála also has functions to determine appeals under Water and Air Pollution Acts and the Building Control Acts



An  
Bord  
Pleanála

## Tuarascáil agus Cuntas Bhliantúla 2015

Chuig an tAire Tithíochta, Pleanála agus  
Rialtais Áitiúil

De réir na nAchtanna Pleanála agus  
Forbartha (leasaithe), cuireann an Bord  
Pleanála a Thuarascáil Bhliantúil agus na  
Cuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig  
2015 i láthair.

## Annual Report and Accounts 2015

To the Minister for Housing, Planning and  
Local Government

In accordance with the Planning and  
Development Acts (as amended), An Bord  
Pleanála herewith presents its Annual Report  
and Accounts for the year ending 31<sup>st</sup>  
December, 2015.

Mary Kelly

An Dr. Mary Kelly  
Cathaoirleach

Dr. Mary Kelly  
Chairperson

Loretta Lambkin

Loretta Lambkin  
Príomhoifigeach

Loretta Lambkin  
Chief Officer

**PL 28 - 2**  
ACHOMHARC ALT 37 / S.37 APP  
DATA LOISTEALA / DATE LOT  
**15/04/15**  
SPRIODHÁTA / DECIDE  
**18/08/15**  
DATA (ALT 126)  
/ S.126 DATE:  
DATA CINNIDI

**PL 17 - 2**  
ACHOMHARC ALT 37 / S.37 APP  
DATA LOISTEALA / DATE LOT  
**08/04/17**  
SPRIODHÁTA / DECIDE  
**11/08/17**  
DATA (ALT 126)  
/ S.126 DATE:  
DATA CINNIDI  
**15**  
GINNE  
TARF  
CIAL

SCADA  
B-soft  
Decide  
Tenne-Cat  
Datalink  
Sectra  
B-Tech  
Dynamis

915  
GTS Copper  
Liaison

# Achoimre 2015

# Summary 2015

				2015	2014
Oibríochtaí		Operations			
Cásanna Pleanála a Fuarthas		Planning Cases Received		1,979	1,810
Cásanna Pleanála a Cuireadh de Láimh		Planning Cases Disposed		1,966	1,864
		2015		2014	
Oibríochtaí	Operations	Faughte	Curtha de láimh	Faughte	Curtha de láimh
Gnáth-Achomhairc Phleanála	Normal Planning Appeals	1,646	1,637	1,456	1,384
Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Aonáin Phríobháideacha / Gealltóirí Reachtúla)	Strategic Infrastructure Development (Private Entities / Statutory Undertakers)	46	46	51	43
Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Údarás Áitiúil)	Strategic Infrastructure Development (Local Authority)	8	7	18	24
Tionscadail eile Údarás Áitiúil <sup>1</sup>	Other Local Authority Projects <sup>1</sup>	50	43	28	32
Toiliú Ionaid agus Cásanna Gaolmhara	Substitute Consent and Related Cases	19	49	105	103
Cineálacha cásanna eile	Other Case Types	210	184	152	195

<sup>1</sup> Measúnú Cuí san áireamh

<sup>1</sup> Includes Appropriate Assessment

Airgeadas		Finance	2015 €	2014 €
<b>Ioncam</b>	<b>Income</b>			
Deontas an Oireachtais	Oireachtas Grant	14,886,290	12,138,105	
Táillí / Aisíocaócht	Fees / Recoupment	2,571,381	2,609,956	
Eile <sup>2</sup>	Other <sup>2</sup>	3,611,907	3,460,377	
<b>Ioncam lomlán</b>	<b>Total Income</b>	<b>21,069,578</b>		18,208,438
<b>Caiteachas</b>	<b>Expenditure</b>			
Caiteachas	Expenditure	20,244,076	19,402,481	
Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí	Surplus / (Deficit) for year before appropriations	825,502	(1,194,043)	
Aistriú ó / (go) dtí an Cuntas Caipitil	Transfer from / (to) the Capital Account	(197,576)	48,710	
<b>Barrachas / (Easnamh) don bhliain tar éis leithreasaí</b>	<b>Surplus / (Deficit) for year after appropriations</b>	<b>627,926</b>		(1,145,333)

<sup>2</sup> Áirítear air Glanmhaoiniú larchurtha Pinsin, Ús ar Thaiscí agus Ioncam Ilgħnéitheach.

<sup>2</sup> Includes Net Deferred Pension Funding, Deposit Interest and Miscellaneous Income.

# Clár

<b>Achoimre 2015</b>	<b>5</b>
<b>Comhaltaí an Bhoird</b>	<b>10</b>
<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>11</b>
<b>Cásobair Phleanála</b>	<b>27</b>
1. Na Cásanna Pleanála Uile	28
2. Gnáthachomhairc Phleanála	32
3. Cásanna Forbartha Bonneagar Straitéiseach	40
4. Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile	47
5. Cásanna Toiliithe Ionaid agus Cairéil	49
6. Tionscadail Leasa Choitinn	51
7. Cineálacha Cásanna Eile	54
<b>Oibriochtaí Pleanála</b>	<b>61</b>
8. Éisteachtaí ó Bhéal	62
9. Tuarascálacha agus Moltaí	64
10. Comhfhereagras larchinnidh	65
<b>Gnótháí Corporáideacha</b>	<b>67</b>
11. Foramharc ar Airgeadas	68
12. Acmhainní Daonna	71
13. Imeachtaí Dlí	74
14. Comhairliúchán le Comhlachtaí Eile	76
15. Rochtain ar Fhaisnéis	77
16. Seirbhís do Chustaiméirí agus An Ghaeilge	78
17. Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)	79
18. Éifeachtúlacht Fuinnimh	83
<b>Tuairisc ar Rialachas</b>	<b>85</b>
19. Rialachas Corporáideach	86
20. Measúnú Boird	92
21. An Coiste Iniúchóireachta	94
22. An tAcht um Íoc Pras Prompt Cuntas 1997	96



# Contents

<b>Summary 2015</b>	<b>5</b>
<b>Board Members</b>	<b>10</b>
<b>Chairperson's Statement</b>	<b>11</b>
<b>Planning Casework</b>	<b>27</b>
1. All Planning Cases	28
2. Normal Planning Appeals	32
3. Strategic Infrastructure Development Cases	40
4. Other Local Authority Projects	47
5. Substitute Consent and Quarry Cases	49
6. Projects of Common Interest	51
7. Other Case Types	54
<b>Planning Operations</b>	<b>61</b>
8. Oral Hearings	62
9. Reports and Recommendations	64
10. Post-Decision Correspondence	65
<b>Corporate Matters</b>	<b>67</b>
11. Finance Overview	68
12. Human Resources	71
13. Legal Proceedings	74
14. Consultations with Other Bodies	76
15. Access to Information	77
16. Customer Service and Irish Language	78
17. Information Communication Technology (ICT)	79
18. Energy Efficiency	83
<b>Governance Report</b>	<b>85</b>
19. Corporate Governance	86
20. Board Evaluation	92
21. Audit Committee	94
22. Prompt Payment of Accounts Act 1997	96



## Clár (ar leanúint)

<b>Cuntais Bhliantúla 2015</b>	<b>99</b>
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	100
Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais	102
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	106
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	108
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	110
Ráiteas na Sreafaí Airgid	112
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015	114
Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste	148
<hr/>	
Ráiteas faoi Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí	152
<hr/>	
<b>Aguisíní</b>	<b>155</b>
<b>Aguisín 1</b> Anailís ar Ghnáth Chinntí Achomhairc Phleanála	156
<b>Aguisín 2</b> Gnáth-Achomhairc Phleanála Faichte agus Cinneadh Déanta ortha de réir Ceantair i 2015	157
<b>Aguisín 3</b> Gnáth-Achomhairc Phleanála Faichte de réir Catagóire / Ceantar Forbartha	158
<b>Aguisín 4</b> Achoimre do Gach Cás Curtha de Láimh trí thagairt do Sprioc Thréimhse Reachtúil	159
<b>Aguisín 5</b> Foireann, Sainchomhairleoirí Seachtracha agus Gníomhaire Dlí mar atá ar an 31 Nollaig 2015	160



# Contents (continued)

<b>Financial Statements 2015</b>	<b>99</b>
Board Members' Report	100
Statement on Internal Financial Control	102
Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves	107
Statement of Comprehensive Income	109
Statement of Financial Position	111
Statement of Cash Flows	113
Notes to the Financial Statements for year ended 31 <sup>st</sup> December 2015	115
Report of the Comptroller and Auditor General	148
Statement on Remuneration and Members' Fees	152
<b>Appendices</b>	<b>155</b>
<b>Appendix 1</b> Analysis of Normal Planning Appeals Decisions	156
<b>Appendix 2</b> Normal Planning Appeals Received and Decided by Area in 2015	157
<b>Appendix 3</b> Normal Planning Appeals Received by Development Category / Area	158
<b>Appendix 4</b> Summary of All Cases Disposed of by reference to Statutory Objective Period	159
<b>Appendix 5</b> Staff, External Consultants and Legal Agent as at 31 <sup>st</sup> December 2015	160



## Comhaltaí an Bhoird

## Members of the Board



1 Dr. Mary Kelly\*  
Cathaoirleach  
Chairperson

2 Conall Boland\*  
Leascathaoirleach  
Deputy Chairperson

3 Fionna O'Regan\*  
4 Michael Leahy  
5 Paddy Keogh

6 Dr. Gabriel Dennison\*  
7 Nicholas Mulcahy\*  
8 Philip Jones  
9 Paul Hyde

\* Fochoiste Roinn Bonneagair Straitéisigh  
Sub-Committee Strategic Infrastructure Division

## Ráiteas an Chathaoirligh



## Chairperson's Statement

**Dr. Mary Kelly**  
Cathaoirleach  
Chairperson

Tá áthas orm Tuarascáil agus Cuntas Bhlianúla 2015 maidir leis An Bord Pleanála a chur i láthair. Sa Tuarascáil seo faightear ár sonraí mar gheall ar chúrsaí oibre le linn 2015 chomh maith leis na ráitis airgeadais.

I 2015 tháinig méadú ar líon na gcásanna a fuarthas agus bhí sé sin ar aon dul leis an mborradh a tháinig i bhfeidhm san earnáil tógála agus dá bhrí sin bhí borradh 9% ar líon na gcásanna i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin. Tá an tréith seo fós le feiceáil i gcéad chuid na bliana seo agus méadú le feiceáil ar líon na gcásanna atá faigte ag an mBord sa chéad chuíg mhí. Is féidir a rá go bhfuilimid fós ag déanamh go maith ó thaobh cloí lenár spriocanna reachtúla le haghaidh cinntí a dhéanamh agus go bhfuil dea-cháil fós orainn maidir le hionracas, le cothrom agus ó thaobh cinntí maithe á ndéanamh.

### Athbhreithniú ar An Bord Pleanála

I mí Lúnasa 2015, rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cinneadh Grúpa le

I am pleased to present An Bord Pleanala's Annual Report and Accounts for 2015. The Report provides details of our work during the year along with the financial statements.

2015 saw an increase in case intake in line with reports of an increase in construction activity in the economy with the number of cases received up 9% on the previous two years. That trend has also continued into the first part of 2016 with case intake up for the first five months. Our performance in 2015 remains strong both in terms of achieving compliance with statutory objective periods for determination of cases and in the maintenance of our reputation for integrity, fairness and good decision making.

### Review of An Bord Pleanála

In August 2015, the Minister for the Environment, Community and Local

haghaidh Athbhreithniú Neamhspleách a chur le chéile chun Athbhreithniú Eagrais a dhéanamh ar an mBord Pleanála agus foilsíodh an t-athbhreithniú sin i mí Mhárta, 2016.

San athbhreithniú chuir an Grúpa béim ar an gcáil, atá tuilte go maith ag an mBord, a gcuid oibre a dhéanamh go maith san áireamh neamhchlaontacht agus ionracas an Bhoird chomh maith leis na hardscileanna proifisiúnta agus leis an tiomantas atá taispeánta ag foireann an Bhoird, inniu agus sa saol atá thart, agus ról lárnach an Bhoird i gcúrsai pleanála. Is féidir linn a bheith bródúil as an moladh seo atá déanta ag an nGrúpa agus táimid chun bogadh ar aghaidh ag obair go dian chun an chál seo a choimeád.

Sa Tuarascáil chomh maith moltar athrú leathan don eagras, deirtear go mbeidh an t-athrú seo dúshlánach go leor ach tugadh le fios go bhfuil an t-athrú seo fíorthábhachtach i dtreo is gur féidir leis an mBord déileáil i gceart leis na dúshláin reatha agus na dúshláin amach romhainn go háirithe sa saol inniu ina bhfuil cúrsaí pleanála níos casta agus níos dlíthiúla ná mar a bhí. Chomh maith leis sin beidh dualgais nua ar an mBord Pleanála.

Tá an Tuarascáil casta go leor agus rinneadh moltaí a bhaineann le gach cuid den eagras. I gcás roinnt de na moltaí bheadh reachtaíocht nua ag teastáil chun na moltaí céanna a chur i bhfeidhm. Caithfidh an Bord machnamh a dhéanamh go cúramach ar an tuarascáil agus ar na moltaí dá bharr sula dtabharfaimid freagra don Roinn agus don Aire. An rud is tábhactaí don Bhord i mbun freagra a chur le chéile ná ionracas agus neamhspleáchas an Bhoird a chosaint nuair a bhíonn an Bord i mbun ciintí le déanamh agus cosaint a thabhairt do chál mhaith an Bhoird chomh maith leis an dualgas atá orainn seirbhís den scoth a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara pobail.

I gcuid mhaith de na moltaí tá sé aitheanta againn cheana féin go gcaithfimid athruithe a

Government commissioned an independent Review Group to undertake an Organisational Review of An Bord Pleanála which was published in March 2016.

In its report, the Review Group emphasised the well-deserved, outstanding reputation of An Bord Pleanála for impartiality and integrity along with the high levels of professional skills and dedication of its Board and staff, past and present, and its crucial role in the planning system. We are rightly proud of the excellent reputation acknowledged by the Review Group which we continue to work assiduously to maintain.

The Report goes on to recommend a broad change agenda for the organisation which it recognises will be challenging but which it feels is critical to ensure that An Bord Pleanála is best equipped to successfully meet the present and future challenges of an increasingly legally complex planning system and within expanded areas of competence.

The Report is complex, making recommendations in areas right across the organisation many of which would require legislative change if they are to be implemented. An Bord Pleanála will need to carefully consider the report and its recommendations and revert to the Department and the Minister with our response. In responding, the over-riding criterion for the Board will be the protection of the integrity and independence of its decision making processes and the organisation's hard earned reputation, and the requirement to provide an excellent service to our stakeholders.

A number of recommendations address areas where we have already identified a



chur i bhfeidhm agus tá an próiseas sin i mbun faoi láthair. Mar shampla den chineál sin tá uasghrádú ollmhór ar siúl inár gcóras TFC agus de bharr na n-athruithe sin beidh feabhas ar éifeachtacht agus ar chúrsaí cumarsáide an eagrais. Faoi láthair táimid i mbun Straitéis Chumarsáide a phorbairt chun dul i ngleic le moltaí na Tuarascála, san áireamh idirghabháil níos treise a chothú lenár bpáirtithe leasmhara pobail. Baineann roinnt de na moltaí leis an tstí ina ndéanaimid ár gcinntí agus leis an mbealach ina seolaimid ár n-éisteachtaí ó bhéal agus ár gcomhairliúchán réamhiarratais. Moltar chomh maith athrú ar an mbealach ina gceaptar baill an Bhoird. Faoi láthair tá na moltaí seo á bplé i measc gnáth bhaill agus i measc fhoireann an Bhoird agus lenár máthair Roinne.

Gan amhras, nuair a dhéantar Tuarascáil den chineál seo i dtréimhse ama ghearr go leor, tarlaíonn míthuiscent i gcásanna áirithe leis an mbealach ina n-oibríonn an Bord Pleanála. Nuair atá míthuiscent ann táim cinnte gur féidir leis an mBord soiléiriú a dhéanamh agus cabhair a thabhairt i dtaoibh ciall a bhaint as an athbhreithniú agus é a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Tá an Bord buíoch de bhaill an Ghrúpa Athbhreithnithe de bharr an méid ama agus saineolais a tugadh don obair san áireamh an méid teagmhála leis an bpobal agus leis na heagraíochtaí den chineál céanna i Sasana, sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann agus in Albain. Tá sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as an athbhreithniú mar chabhair dúinn straitéis a bhunú i dtreo is go mbeidh an Bord Pleanála san áit cheart, go mbeidh na hacmhainní cearta ag an eagrais agus go mbeidh an t-eagras ag oibriú i gceart chun dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn.

### **Ualach Oibre agus Feidhmíocht**

I 2015 tháinig feabhas ar fheidhmíocht an Bhoird chun cloí leis an sprioc reachtúil le

need for change which we are actively driving. For example, a major upgrade of our ICT systems is already underway, which will improve efficiencies and contribute to better communications when it is operational. We are developing a Communications Strategy which will address many of the recommendations contained in the report, including achieving deeper interaction with our stakeholders. Some recommendations address the way in which we conduct elements of our work including decision making, oral hearings and pre-application consultations. A change to the appointments process for ordinary Board Members is also recommended. These and other recommendations are actively being discussed with Board Members, staff and our parent Department.

Inevitably, a Report such as this, conducted within a very short timeframe, contains some misunderstandings regarding the way in which An Bord Pleanála works. Where those misunderstandings occur, I am sure we will be able to clarify and correct to assist in the interpretation and effective implementation of the review.

The Board is grateful to the members of the Review Group who gave their time and expertise to carry out the review including extensive consultation with the public and seeking input from other similar organisations across England and Wales, Northern Ireland and Scotland. We intend to use the review as an important input in developing a strategy for the coming years to ensure that An Bord Pleanála is appropriately positioned, resourced and operated to meet the challenges of the future.

### **Workload and Performance**

In 2015, An Bord Pleanála improved its overall performance in relation to compliance

haghaidh cás a chríochnú. Le linn na bliana, rinneadh cinneadh i gcásanna pleanála laistigh de thréimhse ábhartha in 80% de na cásanna i gcomparáid leis an bhfigiúr 75% i 2014. Lena chois sin ar an meán tógann sé 16.9 seachtain chun cás pleanála a chríochnú, sin titim má chuirtear i gcomparáid le 20.3 seachtain i 2014. Nuair a thugtar aird ar achomhairc phleanála amháin i 2015 críochnaíodh 83% de na cásanna seo laistigh de chuspóir reachtúil 18 seachtaine agus thóg sé 15.1 seachtaine ar an meán chun cinneadh a dhéanamh.

Cuireadh túis le tionscnamh nua le linn 2015 do na cásanna is lú castacht agus chabhraigh sé go mór leis an bhfeidhmíocht dhearfach seo. Cuireadh sprioc ama nua i bhfeidhm i dtreo is go ndéanfaí cinneadh ceithre seachtaine roimh dheireadh na tréimhse reachtúla. Le linn 2015, rinneadh cinneadh i 218 sna cásanna pleanála ba lú castacht agus socraíodh 78% laistigh de 14 seachtaine. Leanfar ar aghaidh leis an gcur chuige nua seo i dtreo is go ndéileálfar go tapa leis na cásanna is lú castacht. Is fiú a rá chomh maith nach bhfuil aon laghdú i gceist ar chaighdeán an mheasúnaithe ná ar chaighdeán an chinnidh sna cásanna seo.

Ag deireadh mhí Bhealtaine 2016, is féidir a rá go bhfuil leibhéal feidhmíochta fós ard go leor agus tá an ráta comhlíonta thatar ar 77% mar gheall ar chásanna a bhfuil a gcuid spriocanna ama bainte amach.

### **Forbairt Bonneagair Straitéisigh**

Tá rannóg faoi leith laistigh den Bhord ag déileáil le hiarratais maidir le Forbairt Bonneagair Straitéisigh agus cé nach mbíonn mórán de na cásanna seo ag an mBord i gcomparáid leis an méid cásanna san ionlán, is cuid shuntasach iad d'obair an Bhoird.

De ghnáth de bharr castacht na gcásanna ní dhéantar cinneadh laistigh de thréimhse reachtúil (is é sin 18 seachtaine ón am a chuirtear isteach an aighneacht deiridh). De

with statutory objective periods for disposal of cases. Over the course of the year, 80% of all planning cases were decided within the relevant target period compared to 75% in 2014. Furthermore, the average number of weeks it took to decide all planning cases in 2015 was 16.9 weeks, down from 20.3 in 2014. Taking planning appeals only, in 2015, 83% of cases were disposed of within 18 weeks with an average time for decisions reported at 15.1 weeks.

A new initiative for less complex planning cases was introduced during 2015 which contributed to this positive performance. New time objectives were set for such cases so that decisions would issue 4 weeks ahead of the statutory objective period. During 2015, 218 of less complex planning cases were decided, 78% within 14 weeks. This new approach will continue to be used so that relatively less complex cases can be cleared quickly. It is also important to note that there is no diminution in quality of assessment or decision making in these cases.

To the end of May 2016, performance remains strong with compliance levels at 77% of all planning cases, disposed on target.

### **Strategic Infrastructure Development**

A dedicated division of the Board deals with Strategic Infrastructure Development applications and, while the number of cases is relatively small compared to the overall volume of cases, they represent a significant proportion of workload at Board level.

This category of cases are often not decided within the statutory time period (18 weeks following the last date for receipt of submissions) owing to their complexity.





ghnáth déantar mionscrúdú, éisteacht ó bhéal, tuarascáil, measúnú agus cinneadh thar tréimhse níos faide ná an tréimhse reachtúil a bhaineann le cinneadh a dhéanamh.

I 2015, tháinig roinnt mhaith cásanna suntasacha maidir le Forbairt Bonneagair Straitéisigh os comhair an Bhoird, san áireamh:

Forbairtí suntasacha Chalafoirt:

- Athfhorbairt Chalafort Bhaile Átha Cliath.
  - Athfhorbairt Chalafort Rinn an Scidígh
  - Áiseanna le haghaidh Aistear Mara, Cuan Dhún Laoghaire
  - Athfhorbairt Chuan na Gaillimhe

Forbairtí ollmhóra Ospidéil:

- Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach, Baile Átha Cliath.
  - Ospidéal an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí Phort Reachrann

Projects lodged are typically the subject of detailed examination, oral hearing, reporting, assessment and decision by the Board over a period which can extend beyond target deadlines for conclusion.

In 2015, a number of significant Strategic Infrastructure Development proposals came before the Board including;

## Major port related developments:

- Redevelopment of Dublin Port
  - Redevelopment of Ringaskiddy Port
  - Cruise Berth Facility, Dun Laoghaire Harbour
  - Redevelopment of Galway Harbour

#### **Major hospital developments:**

- National Paediatric Hospital, Dublin
  - National Forensic Mental Health Services Hospital at Portrane

- Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dhún Laoghaire
- an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais ag Ospidéal Naomh Uinseann Bhaile Átha Cliath
- National Rehabilitation Hospital, Dun Laoghaire
- National Maternity Hospital at St Vincent's Hospital Dublin

Forbairtí a bhaineann le giniúint fuinnimh:

- Feirmeacha gaoithe
- Idirnascaire leictreachais idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann
- Athruithe ar Fho-stáisiúin leictreachais le haghaidh Ionaid Mhóra Sonrai a thógáil

Maidir leis na cásanna seo, rinneadh cinneadh i dhá chás calafoirt agus tá cinneadh déanta i dtrí cinn de na forbairtí ospidéil, san áireamh Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach, a rinneadh luath i 2016, agus rinneadh cinneadh i bhforbairtí fheirmeacha gaoithe agus i bhforbairtí a bhaineann le hathruithe ar fho-stáisiúin. I gcás dhá fhobairt chalafoirt eile tá na cásanna fós ar siúl agus tá an rud céanna ar siúl leis an Idirnascaire Thuaidh / Theas agus tá cinneadh fós le déanamh maidir le hathruithe d'eangach a bhaineann le hlonad Ollmhór Sonrai. Is é an tIdirnascaire Thuaidh / Theas an chéad tionscadal leasa choitinn atá tagtha os comhair an Bhoird agus tá súil againn go gcríochnófar é laistigh de thréimhse ama aontaithe.

Tá impleachtaí tromchúiseacha le feiceáil anois ar an gcóras pleánála de bharr cinntí a rinneadh le déanaí agus de bhrí go bhfuil scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ag teastáil faoin Treoir um Ghnáthóga. Tá ardchaighdeán ag teastáil ag an mBord maidir leis an eolas agus leis na sonrai suirbhéireachta atá ar fhorbróirí a chur le chéile i Ráiteas Tionchair Natura ionas gur féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh nach mbeidh drochthionchar i gceist ag an

Energy related cases:

- A number of major windfarms
- An electricity interconnector between Northern Ireland and the Republic of Ireland
- A number of electricity substation alterations to facilitate large data centres

Of these, two of the port developments have been decided and three of the hospital developments including the approval of the National Paediatric Hospital in early 2016. A number of windfarms and substation alterations were also decided. Two port developments are still under consideration as is the North / South Interconnector and a proposal for alterations to the grid to facilitate a large data centre. The North / South Interconnector is the first Project of Common Interest to come before the Board and it is hoped to deal with it within the agreed timeframe.

The introduction of the need for appropriate assessment under the Habitats Directive and some recent Court judgements have had serious implications for the planning system. The standard of survey data and information provided by developers in Natura Impact Statements to enable the Board to conclude that there will not be an adverse effect on the integrity of Natura Sites in the vicinity of the proposed development is extremely high. If reasonable scientific doubt remains following

bhforbairt ar shuíomh Natura in aice láimhe. Nuair atá measúnú déanta ag an mBord agus más rud é go bhfuil amhras eolaíoch fós ann bónn iachall ar an mBord cead a dhiúltú nó tuilleadh eolais a fháil chun dul i ngleic leis an amhras seo. Dá bhrí sin i roinnt mhaith cásanna diúltaíodh cead, murach sin bheadh seans ann go dtabharfaí cead sna cásanna céanna.

Nuair atá sé soiléir go mbeidh drochthionchar i gceist ar shláine shuíomh Natura, uaireanta bónn féidearthachtaí fós ann cead a thabhairt ach amháin tar éis dul i mbun próisis agus má mheastar go bhfuil gá leis an bhforbairt ar chuíseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh (IROPI). Mar gheall air sin is é forbairt chalafort na Gaillimhe an chéad fhorbairt atá ainmnithe ag an mBord sa chatagóir seo, agus tá an próiseas measúnaithe a bhaineann leis ar siúl faoi láthair. Bíonn teagmháil ar siúl idir an forbróir agus An Bord Pleanála le haghaidh sin agus bónn dualgas ar an bhforbróir beartais a chur le chéile maidir le soláthar ghnáthóg chúitimh. Mar chuid den phróiseas seo caithfear dul i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra atá faoi threoir na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus d'fhéadfaí an t-ábhar a chur os comhair an Choimisiúin Eorpaigh.

### Forbairtí Tithíochta

Is iad céatadán suntasach iad, forbairtí tithíochta, d'obair an Bhoird. Feictear sa Tuarascáil go bhfuil an céatadán seo mar chuid de thart ar 60% d'ualach oibre an Bhoird agus iad roinnte amach sna trí chatagóir seo a leanas:

- Forbairt ar siúl ag sealbhóir tí – síneadh thí, athruithe agus araille curtha i bhfeidhm ar thithe reatha
- Teach aonair sa tuath nó in áiteanna uirbeacha
- Forbairtí il-Aonad

assessment, the Board is obliged to refuse the application for the development or seek further information to remove the uncertainty. This requirement has led to a number of proposed developments, which otherwise might have gone ahead, being turned down.

Where it is clear that there will be an adverse effect on the integrity of a Natura Site, it may still be possible to grant a proposed development but only after a further process if the proposal is deemed to be necessary for imperative reasons of overriding public interest (IROPI). The proposed development at Galway Harbour is the first project which has been deemed by An Bord Pleanála to be in this category and the process to assess the project is under way. This involves the engagement of An Bord Pleanála with the developer who is required to provide proposals for compensatory habitat, a process that includes co-operation with the National Parks and Wildlife Service of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht and possible reference to the European Commission.

### Housing Developments

Housing developments represent a significant percentage of An Bord Pleanála's work. This report shows that almost 60% of our caseload consisted of housing developments in three main categories:

- Householder developments – extensions, alterations, etc to existing houses
- Single house developments in urban or rural locations
- Multi-unit developments



Sna blianta beaga anuas, maidir le hualach oibre bhí an chuid is mó de chásanna bunaithe ar fhorbairt shealbhóir tí nó ar fhorbairt theach aonair agus ní raibh mórán forbairtí ann níos mó na 30 teach. Ar aon dul le polasaí an Rialtais maidir le cúrsaí tithíochta tugtar príomháit d'aon fhorbairt níos mó ná 30 aonad.

I 2015 tháinig méadú beag ar líon na bhforbairtí níos mó ná 30 aonad agus feictear i 2016 go bhfuil an tréith seo fós ar siúl. Ina theannta sin cé nach bhfuil mórán cásanna i gceist fuair an Bord cásanna achomhaireac i 2016 ina bhfuil sé beartaithe forbairtí il-aonad (níos mó ná 100 aonad) a thógáil. Maidir leis na cásanna ollmhóra seo rinneadh na cinní laistigh de thréimhse reachtúil 18 seachtaine. Leanfaidh Bord Pleanála ar aghaidh ag cur béime ar chásanna tithíochta.

I roinnt mhaith de chásanna tithíochta bhí cead tugtha cheana féin ach de bharr cúiseanna éagsúla imíodh an cead pleanála i léig ní caithfear athrú forbartha a lorg de bharr cúrsaí margaidh nó de bharr polasaithe pleanála nua, coinníollacha pleanála nua nó d'fhéadfaí an dá rud a bheith i gceist. I dtaca leis seo tá aird faoi leith á tabhairt ag an mBord ar an bpolasaí atá le fáil Lámhleabhar

In recent years, the vast majority of casework has comprised householder and single house development with few significant multi-unit developments of over 30 houses. Developments of over 30 units are currently prioritised for decision in line with government policy in respect of provision of housing.

2015 saw a small increase in the numbers of multi-unit developments over 30 houses; the early months of 2016 has seen this trend increase with a small but significant number of larger multi-unit housing developments (over 100 units) under appeal. To date, all of these appeals have been decided within the statutory compliance time of 18 weeks. An Bord Pleanála will continue to prioritise housing cases.

Many of these cases are for housing developments which have had the benefit of earlier planning permissions which have either lapsed or need to be revised to take account of market conditions, new planning policies / standards or both. In that respect the Board is paying particular attention to the Design Manual for Urban Roads and Streets (DMURS) policy and its objective of

Deartha mar gheall ar Bhóithre Uirbeacha agus ar Shráideanna Uirbeacha (DMURS) ina bhfuil sé i gceist sa pholasáí sráideanna sábhálte, mealltacha agus beomhara a chruthú – rud a chuireann go mór leis an áit mar cheantar cónaithe seachas tithe amháin a chur ar fáil. Dá bhí sin bionn an Bord ag déileáil le cursaí dearaidh a bhaineann le tréscailteacht, le sráid-dreach agus le dearadh uirbeach. Chomh maith leis sin tugtar aird ar áiseanna coisithe, rothaithe mar aon le cursaí gluaisteán.

Nuair atá cinneadh le déanamh mar gheall ar fhorbairtí ollmhóra bionn an Bord ag leagan béime ar chúrsaí infreastruchtúr ó thaobh tráchta, iompair, uisce agus cóireála fuíolluisce de.

Tá an Bord tiomanta a pháirt féin a ghlacadh chun déileáil leis an gceist tithíochta agus le haghaidh sin ciuntí a dhéanamh go tapaíd agus go cothrom. Ag an am céanna is mar a chéile a bhíonn an Bord ag déileáil leis na cásanna seo ionas go dtabharfaí cead pleánala d'fhorbairtí ina mbeidh pobail inmhARTHANA in ann maireachtáil agus in ann oibriú i gceart.

### Criosanna Forbartha Straitéisí

Le dhá bhliain anuas rinneadh an Bord cinneadh i gceithre cinn de chásanna den chineál seo: Duganna Bhaile Átha Cliath, Coill na Silíní (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin), Baile Adaim (athbhreithniú don bhunscéim i mBaile Átha Cliath Theas i 2003), agus le déanaí rinneadh cinneadh i gcás na Móna Airde, áit atá cóngarach do chathair Chorcaí. Tá cead pleánala tugtha do roinnt tithe sna cásanna seo chomh maith le forbairtí tráchtála agus forbairtí measctha mar chuid de chreatlach ‘scéim pleánala’.

Ag féachaint siar ar na criosanna forbartha straitéisí (CFS) atá curtha i bhfeidhm tá cuma orthu go bhfuil siad ag déanamh go maith. Má úsáidtear an próiseas seo tugann sé deis forbairt a dhéanamh a bhfuil ardchaighdeán agus comhleanúnachas ag

designing safer, more attractive and vibrant streets – making great places to live rather than merely providing housing. Issues such as permeability, streetscape, urban design and provision of facilities for pedestrians and cyclists as well as motorised vehicles are among the design considerations we are dealing with.

The availability of necessary infrastructure in terms of traffic, transport, water and wastewater are also serious considerations for the Board in deciding on large housing developments.

An Bord Pleanála is determined to play its part in solving the housing supply problem by dealing expeditiously and fairly with appeals but is equally committed to ensuring that the provision of new housing developments results in the creation of sustainable and well-functioning communities for the future.

### Strategic Development Zones

Within the last two years, the Board has decided Strategic Development Zone (SDZ) cases relating to four areas: the Dublin Docklands, Cherrywood (Dun Laoghaire-Rathdown), Adamstown (revisions to the original 2003 scheme in South Dublin) and, more recently, at Monard, near Cork City. All of these schemes include a significant quantum of residential development, but also commercial and mixed use areas within the framework of a ‘planning scheme’.

Having recently looked back over SDZ schemes carried out in Ireland, results to date would suggest that they work well. The Planning Scheme approach gives an opportunity for a better quality, more coherent built environment, delivering more

baint leis agus bíonn na forbairtí seo níos inmharthana ó thaobh iompair, fuinnimh agus nádúir de. Cé nach raibh gach forbairt chomh dearfach sin mar gheall ar chúrsaí geilleagair agus le linn na géarchéime eacnamaíche is féidir a rá go gcaithfimid breathnú ar na forbairtí seo go fadtéarmach agus na féidearthachtaí atá ann forbairtí d'ardchaighdeán a thógáil go héifeachtúil.

Más rud é go bhfuil údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí rialtais nó gníomhaireachtaí eile ag smaoineamh úsáid a bhaint as an bpróiseas CFS is gá smaoineamh a dhéanamh ar roinnt rudaí atá ríthábhachtach don bheartas. Le haghaidh sin ar leibhéal rialtais caithfear túis áite ón gcéad lá a thabhairt don scéim agus caithfidh na gníomhaireachtaí agus na páirtithe leasmhara go léir an fhorbairt a chur ar ord tosaíochta. Ina theannta sin is gá foireann atá mar chuid de ghníomhaireacht ábhartha (agus foireann san údarás áitiúil) a chur i gceannas a bhfuil a dhóthain acmhainní acu ó thíos go deireadh. Nuair a chuirtear an scéim le chéile bíonn gá ann na hacomhainní cearta a úsáid, pleanálaithe agus dearthóirí a cheapadh a bhfuil taithí cheart acu chun scéim dréachta d'ardchaighdeán a dhearadh agus chun comhleanúnachas a chinntiú. Bíonn soiléiriú ag teastáil chomh maith cé atá freagrach as maoiniú a chur ar fáil agus as an infreastruchtúr a chur i bhfeidhm. Caithfear machnamh a dhéanamh ar inmharthanacht eacnamaíoch na dtionscadal ón túis chomh maith.

Is do dhaoine eile a bhfuil orthu cinneadh a dhéanamh mar gheall ar scéim CFS a úsáid chun dul i ngleic leis an gceist tithíochta. I gcás go gcuirfear na cásanna seo ar aghaidh ar achomharc go dtí an Bord, leanfaidh an Bord ar aghaidh machnamh a dhéanamh go cúramach toradh fadtéarmach inmharthana a bhaint amach. Déanfaidh an Bord a ról fén go héifeachtúil.

sustainability in terms of transport, energy and nature. While there have been some negative experiences, including schemes that stalled during the economic downturn, I believe we should maintain a long term perspective when reviewing the SDZ approach, and look to the potential for delivering high quality built environments in an efficient manner.

Where the government, local authorities or other agencies are considering the SDZ approach, there are some essential ingredients for a successful outcome. These include a requirement at government level to prioritise this strategic development, a high level of commitment from all agencies and stakeholders involved in the project and a well resourced team within the relevant development agency (and the local authority) from start to finish. In preparing the scheme, it is necessary to use the right resources and experienced planners and designers to achieve a coherent, high quality draft scheme. Clarity is needed as to who is responsible for funding and delivering infrastructure and the economic viability of the scheme needs to be considered from the outset.

It is for others to decide to what extent the SDZ model will continue to be pursued in response to current housing problems. Where any draft schemes are appealed to An Bord Pleanála, we will continue to give careful consideration to achieving a sustainable long term outcome, and to carrying out our role at appeal stage as efficiently as possible.



## Athbhreithniú Breithiúnach

Le linn 2015 fuair an Bord Pleanála 30 cás dlí nua in aghaidh chinntí an Bhoird, sin laghdú ó 42 cás a fuarthas i 2014. Tá leibhéal caithreachais an Bhoird ar chostais dlí fós suntasach go háirithe ag féachaint don mhéid cásanna idir lámha sa Bhord, bhí leibhéal caiteachais thart ar €2.3 milliún in 2015 i gcomparáid le €2.2 milliún i 2014 agus €1.4 milliún i 2013.

Le linn na bliana, diúltaíodh athbhreithniú breithiúnach i 15 cás as 16 cás san iomlán ina ndearnadh breithiúnas substainteach san Ard-Chúirt.

Mar phointe suntasach, ag deireadh bhliain 2014, sa chás Ó Grianna agus daoine eile v An Bord Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí agus Framore Ltd., dúradh san Ard-Chúirt mar chuid de Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) i gcás fhorbairt fheirmeacha gaoithe go gcaithfear measúnacht a dhéanamh ar an gceangan don eangach náisiúnta a bhaineann leis an bhforbairt mar chuid den chinneadh. Le linn 2015, chuir an Bord roinnt cásanna fheirmeacha gaoithe ar athló, cásanna ar a raibh tionchar orthu de bharr an bhreithiúnais. Dá bhrí sin tugadh deis don iarratasóir MTT a dhéanamh chun cloí leis an

## Judicial Review

In 2015, 30 new legal challenges to decisions of the Board were brought before the Courts, down from 42 in 2014. Expenditure on legal costs remains significant given the number of legal cases on hands totalling almost €2.3 million in 2015, compared to €2.2 million in 2014 and €1.4 million in 2013.

During the year, 15 decisions of the Board were upheld out of a total of 16 substantive High Court judgements.

Significantly, at the end of 2014, in the case of O’Grianna and others v An Bord Pleanála, Cork County Council and Framore Ltd., the High Court found that the process of carrying out Environmental Impact Assessment (EIA) in respect of a windfarm development must include the associated grid connection as part of the assessment. During the course of 2015, the Board deferred consideration of a number of windfarm cases to allow further information to be obtained from the applicant to address this issue and to allow an EIA to be conducted in accordance with the judgement. That information has now been received in most cases and decisions on the



mbreithiúnas. I gcuid is mó de na cásanna tá an t-eolas seo faigte agus beifear ag suíl le measúnacht agus cinneadh a dhéanamh fúthu i gceann tamaill.

### **Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)**

Le linn 2015, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an gcéad chéim uasghrádú córais TFC An Bord Pleanála (Plean-IT). Tá sé mar aidhm ag Plean-IT eagrás éifeachtúil a bheith ann atá cumasaithe maidir le húsáid Teicneolaíocht Faisnéise. Tá sé i gceist chomh maith seirbhís dhigiteach iomlán a sholáthar don phobal i gcoitinne ionas gur féidir cásanna agus idirbhearta eile a dhéanamh ar líne, íocaíochtaí a dhéanamh ar líne agus cáipéise a athbhreithniú ar líne.

Mar chéad chéim an tionscadail rinneadh athbhreithniú iomlán faoi na próisis gnó reatha agus dearadh leagan amach nua chun déileáil le hachomhairc phleanála agus le hiarratais sa todhchaí agus beidh tacaíocht le fáil ó na córais nua agus ón teicneolaíocht nua.

Ba é sonraíocht le haghaidh tairisceana nua a eisíodh i mí Lúnasa, 2015 mar bhunús do

deferred cases are now moving toward assessment and decision stage.

### **Information Communication Technology (ICT)**

In 2015, significant progress was made on the first stage of the implementation of a major upgrade to An Bord Pleanála's ICT systems (Plean-IT). The Plean-IT project is to deliver an efficient, IT enabled organisation providing a fully digital service for the public including online submission of cases, payment of fees and review of documentation.

The first stage of the project involved a complete review of existing business processes and design of a future operating model for the planning appeals and applications process supported by new systems and technologies.

The future processes formed the basis of the specification for a tender which issued in

na próisis nua. Bronnadh conarthaí mar gheall ar bhainistiú cásanna agus mar gheall ar chóras faisnéise geografaí luath i 2016 agus táimid ag súil leis an gcéad chéim eile den tionscadal criticiúil seo.

Mar chuid thábhachtach den tionscadal seo beidh an Bord Pleanála ag obair leis an Roinn agus leis an earnáil rialtais áitiúil ionas go gcuirfear reachtaíocht agus polasaithe i bhfeidhm chun tacú le seirbhís náisiúnta maidir le córas pleanála leictreonach.

Le linn na bliana, d'oibrigh fostaithe an Bhoird le comhairleoirí a bhí ag obair in oifigí an Bhoird, agus bhí fostaithe rannphárteach i gceardlanna, i gcruiinnithe tionscadal agus i gcruiinnithe faisnéise le haghaidh páirt a ghlacadh chun próisis nua a chruthú agus chun iad a forbairt. De bharr an méid eolais agus taithí atá ag an bhfoireann ar phróisis reatha is féidir cuidiú le seirbhísí an Bhoird a fheabhsú agus feicfear na hathruiithe seo sna hocht mí déag amach romhainn de réir mar a thiocfaidh córais nua isteach.

### **Foramharc ar Airgeadas**

I g cuntais an Bhoird Phleanála bhí €1.512 milliún d'easnamh carnach ag deireadh 2015 agus san iomlán ag deireadh na bliana bhí an t-easnamh carnach timpeall €0.885 milliún. An phríomhchúis atá taobh thiar den easnamh seo ná dliteanais chostais agus tharla sé sin de bharr an méid cásanna dlí a cuireadh i bhfeidhm faoi na forálacha reachtúla ábhartha. Tógann na cásanna seo trí phróiseas athbhreithnithe bhreithiúnaigh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh chinntí an Bhoird. Fuair an Bord maoiniú sa bhréis mar gheall ar na costais dlí seo.

San iomlán i 2015 fuair an Bord €20.872 milliún mar ioncam rud a fhágann go raibh ardú €2.614 milliún i gcomparáid leis an m bliain roimhe sin agus bhí caiteachas an Bhoird €20.244 milliún, feictear sa bhfigiúr seo an méadú maidir leis an maoiniú státhiste.

August 2015. Contracts for the development of the case management and geographic information systems were awarded in early 2016 and we look forward to the next phase of this critical project.

An important part of the project in 2016 involves An Bord Pleanála working with our parent Department and the local government sector to ensure that legislation and policies are put in place to drive the provision of a national e-planning service.

During the year, staff from across all parts of the organisation, working with consultants on site, have participated in workshops, project meetings and briefings to contribute to the development of future processes for An Bord Pleanála. This wealth of knowledge and experience in relation to existing processes is helping to shape the delivery of enhanced services to An Bord Pleanála's customers as systems are enabled over the next 18 months.

### **Financial Performance**

An Bord Pleanála reported an incoming deficit in 2015 of €1.512 million resulting in a total cumulative deficit of €0.885 million at year end. This was generated as a result of an ongoing increase in legal liabilities which had arisen as a result of costs arising from legal cases taken under statutory provisions allowing An Bord Pleanála's planning decisions to be the subject of applications to the High Court for judicial review. Additional exchequer funding was received during the year to cover legal liabilities.

Total income in 2015 was up €2.614 million on the previous year at €20.872 million while expenditure amounted to €20.244 million reflecting the increase in the exchequer grant.

## Foireann agus Struchtúir

Le linn 2015, d'éirigh Des Johnson as mar Stiúrthóir Pleanála tar éis an-chuid oibre den scoth déanta aige le linn na mblianta agus ina áit fostáodh Rachel Kenny a tháinig chuig an mBord ó Comhairle Contae Fhine Gall. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Des as na scileanna pleanála, as an tiomantas agus as an dílseacht a thug sé don Bhord agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis as an ionchur a rinne sé le linn na mblianta.

Fostaíodh fostaithe nua mar Chigire Sinsearach Pleanála, mar Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin agus mar Oifigeach Feidhmiúcháin le linn na bliana. Le déanaí cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tuilleadh post agus dá bhrí sin beidh líon iomlán foirne ag an mBord uair amháin eile de réir sprioc an Chreata Rialaithe Fostaíochta roimhe seo de 146 fostáit.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Robert Ryan, Cigire Sinsearach Pleanála, a bhí mar bhall den Bhord ar feadh bliana i 2014 agus buíochas a ghabháil le Andrew Boyle, Cigire Sinsearach Pleanála, d'éirigh an bheirt acu as a phoist le linn na bliana.

Caithfear buíochas a ghabháil leis na baill ar an gCoiste Iniúchóireachta, na baill sheachtracha Martin Higgins (Cathaoirleach) agus Jim Hurley agus buíochas a ghabháil le baill an Bhoird a bhí ar an gCoiste, Michael Leahy agus Paul Hyde as ucht an méid oibre a rinne siad le linn bhliain 2015.

## Focal Scoir

Bíonn an Bord Pleanála ag brath ar an Roinn Comhshaoil agus ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl don iar-Aire Alan Kelly, TD, chomh maith leis na hoifigigh a d'oibrigh ag an Roinn Comhshaoil, Phobail agus Rialtais Áitiúil as a gcuid tacaíochta

## Staffing and Structures

During 2015, Des Johnson retired as Director of Planning having given many years of excellent service to An Bord Pleanála, with Rachel Kenny joining us from Fingal County Council to fill that post. I would like to acknowledge the planning skills, dedication and loyalty which Des brought to An Bord Pleanála and to thank him for his input over the years.

Vacant posts at Senior Planning Inspector, Senior Executive Officer and Executive Officer level were filled during the year. More recently, in 2016, the Department of the Environment, Community and Local Government has sanctioned a number of posts bringing us back to a full complement of staff as per the previous Employment Control Framework target of 146 employees.

I would also like to thank Robert Ryan, Senior Planning Inspector, who served a one year appointment as Board member in 2014, and Andrew Boyle, Senior Planning Inspector, who both retired during the year.

Thanks to our Audit Committee members, external members Martin Higgins (Chairman) and Jim Hurley and Board Members, Michael Leahy and Paul Hyde for their contribution to the work of the Committee during 2015.

## Concluding Remarks

An Bord Pleanála relies on the support of our parent Department and I would like to extend my thanks to former Minister Alan Kelly, TD, as well as the officials from the Department of the Environment, Community and Local Government for their support and valuable



agus as a gcomhairle luachmhar. Ba mhaith liom an deis a thapú fáilte a chur roimh an Aire nua Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, TD. Táimid ag súil go mór le bheith ag obair leis an Roinn nua chun dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn agus spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach lena chois sin sna blianta atá amach romhainn.

Ní mór buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir atá ag obair sa Bhord Pleanála, le baill an Bhoird agus leis na comhairleoirí éagsúla a sholáthraíonn seirbhís den scoth don Bhord, tá siad go léir freagrach as na torthaí atá le feiceáil sa Tuarascáil Bhliantúil 2015. Bíonn éifeacht an eagras ag brath ar gach cuid den eagras ildisciplíneach seo ag oibriú i gceart gan aon bhac agus táimid dóchasach gur féidir linn brath ar na scileanna seo chun dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn. De réir mar a thagann feabhas ar an ngeilleagar táimid tiomanta dár bpáirt a ghlacadh an córas pleanála a fheabhsú chomh héifeachtach agus is féidir.

advice during the year. I would also like to take the opportunity to welcome Minister for Housing, Planning and Local Government, Simon Coveney, TD, and look forward to working with his new Department in tackling challenging issues and meeting ambitious targets in the next number of years.

I would like to take this opportunity to acknowledge the entire An Bord Pleanála team, my fellow Board members, staff and external service providers, who were instrumental in achieving the results set out in this Annual Report for 2015. The smooth functioning of the multi-disciplinary organisation that is An Bord Pleanála is key to our successful performance and we are confident that this can be relied upon to meet the challenges that lie ahead. As the economy recovers we are committed to playing our part in making the planning system as effective as possible.

*Mary Kelly*

**An Dr. Mary Kelly**  
Cathaoirleach

27 Meitheamh, 2016

*Mary Kelly*

**Dr. Mary Kelly**  
Chairperson

27<sup>th</sup> June, 2016






# Cásobair Phleanála

## Planning Casework

1	Na Cásanna Pleanála Uile	All Planning Cases
2	Gnáthachomhairc Phleanála	Normal Planning Appeals
3	Cásanna Forbartha Bonneagar Straitéiseach	Strategic Infrastructure Development Cases
4	Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile	Other Local Authority Projects
5	Cásanna Toilithe Ionaid agus Cairéil	Substitute Consent and Quarry Cases
6	Tionscadail Leasa Choitinn	Projects of Common Interest
7	Cineálacha Cásanna Eile	Other Case Types



## 1 Na Cásanna Pleanála Uile

Ba léir méadú beag ar ghníomhaíocht (iontógáil agus cur de láimh cásobair phleanála) i 2015.

Glacadh 1,979 cás pleanála i 2015 i gcomparáid le 1,810 i 2014 (rud ab ionann agus méadú de 9%), i bhfad fós ón mbuaic de 6,664 chás i 2007 (Figiúr 1).

Ag túis 2015, bhí 664 cás idir lámha agus bhí sé sin laghdaithe go 677 faoi dheireadh na bliana (Figiúr 2). Cuireadh 1,966 cás de láimh sa bhliain, suas ó 1,864 in 2014.


## All Planning Cases

A slight increase in activity (intake and disposal of planning casework) was evident in 2015.

Intake of planning cases was up just over 9% to 1,979 in 2015 compared to 1,810 in 2014 still far off the peak of 6,664 cases in 2007 (Figure 1).

At the start of 2015, there were 664 cases on hands and by year end, this stood at 677 (Figure 2). 1,966 cases were disposed of during the year, up from 1,864 in 2014.

**Figiúr 1**  
Faichte, Curtha de Láimh agus  
Cásanna ar Láimh (Gach cás)



<sup>1</sup> Ní airítear ar an bhfigír cásanna Fógra Cairéil

<sup>1</sup> Figures exclude Quarry Notice cases.

**Figiúr 2**  
Achoimre Gach Cás Pleanála

**Figure 2**  
Summary of all Planning Cases

		2015	2014	Méadú / (laghdú) % Increase / (decrease) %
Idir lámha ag an túis	On hands at start	664	718	(8%)
Faighte	Received	1,979	1,810	9%
Curtha de láimh	Disposed of	1,966	1,864	5%
Idir lámha ag an deireadh	On hands at end	677	664	2%
Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil <sup>1</sup>	Disposed of within statutory objective period <sup>1</sup>	80 <sup>1</sup>	75% <sup>1</sup>	-
Meán ama a tógadh (seachtainí) <sup>1</sup>	Average time taken (weeks) <sup>1</sup>	17 <sup>1</sup>	20 <sup>1</sup>	-

<sup>1</sup> Ní áirítear ar an bhfigír sin cásanna comhairliúcháin réamhiarratais

<sup>1</sup> This figure excludes pre-application consultation cases.

## Cuspóirí Reachtúla Ama chun Cásanna a Chinneadh

Leagtar síos i bhforálacha na nAchtanna Pleanála, Rialú Tógála agus Uisce, agus sna Rialacháin a rinneadh faoi na hAchtanna seo gur cuspóir é de chuid an Bhoird Phleanála a chinntíu go gcinntear achomhairc agus gnóthai eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama. I bhformhór na gcásanna sin, is é 18 seachtaine an tréimhse; is é 4 mhí an tréimhse i gcásanna áirithe, agus i gcásanna eile fós níl aon chuspóir reachtúil ama.

Socraíonn an Bord Pleanála cuspóirí bliantúla chun cásanna pleanála a thagann faoina bhráid a chinneadh laistigh de ocht seachtain dhéag / ceithre mhí beag beann ar cibé an bhfuil cuspóir reachtúil ama i bhfeidhm nó nach bhfuil.

## Statutory Objective Periods For Determining Cases

Provisions in the Planning, Building Control and Water Pollution Acts and Regulations made under these Acts set down as an objective of An Bord Pleanála a requirement to ensure that appeals and certain other matters are determined within specified periods of time. In most cases, this is 18 weeks; 4 months applies to some cases while in others no statutory objective time period applies

An Bord Pleanála sets annual objectives to determine planning cases which come before it within eighteen weeks / four months regardless of whether or not a statutory objective period applies.





## Tréimhse Reachtúil Cuspóire

Ba mhó an feabhsú a rinneadh i 2015 ar an ráta ag a gcuirtear cásanna pleanála de láimh. Cinneadh 80% de chásanna pleanála laistigh de chuspóirí reachtúla ama i gcomparáid le 75% i 2014 (Figiúr 3). Mhéadaigh líon na gcásanna curtha de láimh de 5% ó 1,864 i 2014 go 1,966 i 2015.

## Statutory Objective Period


2015 saw a continued improvement in disposal rates with 80% of all planning cases decided upon within the statutory objective period compared to 75% in 2014 (Figure 3). The number of cases disposed was up 5% from 1,864 in 2014 to 1,966 in 2015.


**Figiúr 3**

Cásanna a chinntíodh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil

**Figure 3**

Cases determined within statutory objective period





### Cásanna a Chur de Láimh i Seachtainí

Thit líon na seachtainí a thóg sé gach cás pleanála a chinneadh ó 20.3 seachtain i 2014 go 16.9 i 2015 (Figiúr 4).

### Disposal of Cases in Weeks

The total number of weeks it took to decide all planning cases in 2015 was 16.9 weeks down from 20.3 in 2014 (Figure 4).

**Figiúr 4**

Meán ama a thóg sé cásanna a chur de láimh (seachtainí)

**Figure 4**

Average time taken to dispose of cases (weeks)

Bliain Year	Gnáth-Achomhairc Phleanála Normal planning appeals	Forbairtí Bonneagair Straitéisigh Strategic Infrastructure Cases	Gach cás eile <sup>1,2</sup> All other cases <sup>1,2</sup>	lomlán All
2006	18	-	14	18
2007	20	16	13	19
2008	24	30	27	24
2009	23	35	25	23
2010	19	46	23	20
2011	17	51 <sup>1</sup>	18	18 <sup>1</sup>
2012	23	51 <sup>1</sup>	16	23 <sup>1</sup>
2013	19	37 <sup>1</sup>	33	23 <sup>1</sup>
2014	16	24 <sup>1</sup>	37	20 <sup>1</sup>
2015	15	27 <sup>1</sup>	30	17 <sup>1</sup>

<sup>1</sup> Ní áirtear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin reamhiarratais

<sup>1</sup> This figure excludes pre-application consultation cases

<sup>2</sup> Eisiann sé gnáthachomhairc phleanála agus cásanna bonneagair straitéisigh

<sup>2</sup> Excludes normal planning appeals and strategic infrastructure cases



## 2 Gnáthachomhairc Pleanála

B'ionann gnáthachomhairc phleanála, is é sin, achomhairc faoi alt 37 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 agus 83% de na cásanna a glacadh i 2015. Tagann achomhairc mar sin chun cinn as ciintí a dhéanann údarás phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt; féadfaidh siad a bheith ina n-achomhairc chéad pháirtí, tríú páirtí nó ina n-achomhairc chéad agus tríú páirtí in éineacht. Gheofar in Aguisín 1 anailís bhereise ar thorthaí na gcatagóirí achomhairc sin.


Mhéadaigh líon na ngnáthachomharc pleanála a fuarthas i 2015 go 1,646, suas ó 1,456 i 2014 (i gcomparáid leis an mbuaic de 5,891 i 2007).

## Normal Planning Cases

Normal planning appeals i.e. under section 37 of the 2000 Planning Act accounted for 83% of intake of cases in 2015. Such appeals arise from decisions by planning authorities on applications for permission for the development of land and can be first party, third party or first and third party. Further analysis of these categories of appeal is provided in Appendix 1.

The number of normal planning appeals received in 2015 increased to 1,646, up from 1,456 in 2014 (versus 5,891 peak in 2007).

**Figiúr 5**  
Achomharc a fuarthas, a cuireadh de láimh agus atá idir lámha



**Figure 5**  
Normal Appeals received, disposed of and on hands

**Figiúr 6**

Gnáth-achomhairc Phleanála - Faighte, Curtha de Láimh agus Ar Láimh

**Figure 6**

Normal Planning Appeals - Received, Disposed of and On Hands

		2015	2014	Méadú / (laghdú) %
				Increase / (decrease) %
Idir lámha ag an túis	On hands at start	474	402	18%
Faighte	Received	1,646	1,456	13%
Curtha de láimh (iomlán)	Disposed of (Total)	1,637	1,384	18%
Curtha de Láimh go foirmeálta	Disposed of Formally	1,382	1,184	17%
Curtha de Láimh ar bhealaí eile	Disposed of Otherwise	255	200	27%
Idir lámha ag deireadh	On hands at end	483	474	2%
Curtha de láimh laistigh de sprioc thréimhse reachtúil	Disposed of within statutory objective period	83%	83%	-
Meán ama a tógadh (seachtainí)	Average time taken (weeks)	15	16	(5%)

I 2015, shocraigh an Bord Pleanála é mar chuspóir 75-85% d'achomhairc phleanála a chur de láimh laistigh de thréimhse an chuspóra reachtúil. Sroicheadh an sprioc sin agus cuireadh 83% de ghnáthachomhairc phleanála de láimh laistigh de 18 seachtain. Tuairiscíodh 15 seachtaine, ar feabhsú é, mar an mheán-am a thóg sé gnáthachomhairc phleanála a chinneadh.

Tá achomhairc neamhbhailí san áireamh sa chatagóir seo. Ba ionann agus 9% de na hachomhairc uile iad i 2015, i gcomparáid le 8% i 2014. Is achomhairc iad seo a dearbhaíodh mar achomhairc neamhbhailí de bhrí nár comhlíonadh critéir áirithe, mar shampla, achomhairc dhéanacha, táillí míchearta srl.

In 2015, An Bord Pleanála set an objective to dispose of 75-85% of planning appeals within the statutory objective period. This was achieved with 83% of normal planning appeals disposed of within 18 weeks. The average time taken to decide on normal planning appeals is reported at just over 15 weeks.


Invalid appeals which are also included in this category accounted for 9% of all appeals in 2015 versus 8% in 2014. These are appeals which have been declared invalid where compliance with certain statutory criteria has not been achieved for example, late appeals, incorrect fees, etc.

## Cineálacha Forbartha

Bhain breis agus leath de na ghnáthachomhairc phleanála le forbairt chónaithe, mar atá leagtha amach i bhFigíur 7, ar forbairtí sealbhóir tí agus tithe aonair iad a bhformhór.

Den 169 achomharc i dtaca le forbairtí miondíola a fuarthas, bhain 18% díobh le hathrú úsáide, ó ionad miondíola go bialann, nó siopa beir leat, nó oifig chearrbhachais,

**Figiúr 7**  
Gnáth-achomhairc Phleanála faigte de réir Cineál Forbartha



<sup>1</sup> I gcás dhá aonad nó níos mó agus áirítear leithlanna air.

\* Airítear an 'Cónaithe' aonaid i mburrúnna, in óstáin, i dtitithe altranais agus i gcinéálacha cóiríochta den chineál céanna, agus d'fhéadfaí iad a bheith san áireamh i gcatagóirí forbartha eile.

## Development Types

More than half of all normal planning appeals relate to residential development as set out in Figure 7, the bulk of which are categorised as householder development and single houses.

169 appeals were received in relation to retail developments, 18% of which related to change of use, for example, from retail to restaurant, to take-away, or to betting office,

**Figure 7**  
Normal Planning Appeals by Development Type received

<sup>1</sup> For 2 or more units and includes apartments.

\* 'Residential' includes units in hostels, hotels, nursing homes and similar types of accommodation and may also be included, as part of other development categories.

mar shampla, nó le cónascadh nó fo-roinnt aonad miondíola. Bhain céatadán suntasach eile achomharc le fóntais; fuarthas 113 de na hachomhairc sin i 2015.

## Tithíocht

Ar aon dul le cuspóirí a leagadh amach i straitéis an Rialtais chun réiteach a fháil ar fhadhanna soláthar tithíochta, tugann an Bord Pleanála túis áite d'fhorbairtí meánscaí agus mórscaí de 30 aonad nó le cois.

Bhí líon na gcásanna achomhairc i dtaca le forbairtí tithíochta a fuarthas le dhá bhliain anuas íseal i gcónaí: 35 chás de 30+ aonad i 2014 i gcomparáid le buaic de 568 i 2007 (Figiúr 8). Cé gur mhéadaigh líon na n-achomharc tithíochta 30+ de bheagán (60 go deireadh 2015), tá líon na gcásanna sin íseal i gcónaí.

or amalgamation or sub-division of retail units. Utilities also made up a significant category of appeals, 113 of which were received in 2015.


## Housing

In line with objectives set out in the Government's strategy to address housing supply issues, An Bord Pleanála prioritises medium and large scale developments of more than 30 units.

The number of appeal cases for housing developments received over the past two years has remained low, 35 cases of 30+ units in 2014 versus the peak of 568 in 2007 (Figure 8). While the number of 30+ housing appeals received has increased slightly (60 to the end of 2015), the number of such cases remains low.

**Figiúr 8**  
Forbairtí Tithíochta (30+ aonad) de réir bliana

**Figure 8**  
Housing Developments (30+ units) by year



## Fuinneamh in-athnuaité

Cuid shuntasach de riart oibre an Bhoird Phleanála is ea forbairtí a bhainneann le fuinneamh, lena n-áirítear giniúint fuinnimh inbhuanaithe, feirmeacha gaoithe agus tras-seoladh leictreachais sa lónra náisiúnta leictreachais. Cinneadh roinnt iarratas ar feirmeacha gréine i mbliana, leis.

Forbairtí fuinnimh gaoithe a chuirtear ar aghaidh mar achomhairc in aghaidh chinntí de chuid údarás áitiúil nó mar iarratais dhíreacha ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh, is foireann speisialta feirme gaoithe faoi cheannas Chigire Sinsearach Pleanála a láimhsíonn iad. Bíonn bonneagar gaolmhar fostáisiúin san áireamh i gcuid de na forbairtí.

Taisceadh 30 cás feirme gaoithe i 2015. Chuir an Bord Pleanála 11 de na cásanna seo de láimh, le cois seacht gcás eile a taisceadh roimh 2015. De na cinntí, deonadh ceithre cinn díobh, diúltaíodh 11 díobh, agus bhí trí cinn díobh neamhbhailí.

Tháinig na cásanna a fuarthas agus a cinneadh i 2015 ó gach cearn den tír agus ba ghá Measúnú Tionchair Timpeallacha (MTT) agus / nó Measúnú Cuí (MC) ina bhformhór. Tar éis breithiúnas Ard-Chúirte le deireanas, maidir leis an riachtanas an nasc greille gaolmhar a chur san áireamh i MTT, cuireadh siar an cinneadh ar roinnt cásanna feirme gaoithe chun gur féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó na hiarratasóirí maidir leis an ngné seo agus ionas gur féidir MTT a sheoladh de réir an bhreithiúnais.

## Sustainable Energy

Energy related developments including sustainable energy generation, windfarms and energy transmission in the national electricity network represented a significant workload for An Bord Pleanála in 2015. A number of applications for solar farms were also determined during the year.

Wind energy developments submitted as appeals of decisions of local authorities or as direct applications for Strategic Infrastructure Development are handled by a dedicated wind farm team led by a Senior Planning Inspector. Some developments also include associated substation infrastructure.

30 wind farm cases were lodged during 2015. An Bord Pleanála disposed of 11 of these cases, in addition to a further seven cases that had been lodged before 2015. Of the decisions, four were granted, 11 were refused, three were invalid.

Cases received and decided during 2015 are distributed across the country and the majority require Environmental Impact Assessment (EIA) and / or Appropriate Assessment (AA). Following a recent High Court judgement, in respect of the requirement for EIA to include the grid connection associated with the wind farm, decisions on a number of wind farm cases were deferred to allow for further information to be obtained from applicants addressing this issue, and to allow an EIA to be conducted in accordance with the Court judgement.





## Achomhairc Thús Áite

Rangaítear roinnt de na gnáthachomhairc phleanála mar 'Achomhairc Thús Áite'. Is achomhairc iad sin a bhaineann le forbairtí a d'fhéadfadh líon mór post a chur ar fáil, nó le tionscadail a bhféadfadh tábhacht gheilleagrach a bheith leo ar scála náisiúnta, réigiúnach agus / nó áitiúil. I 2015 cuireadh 82% de na hachomhairc túis áite ar fad de láimh laistigh den sprioc de 18 seachtaine.

Lena chois sin, tugtar túis áite d'fhoirgnimh nua scoile / oideachais, agus do leathnuithe ar shaoráidí dá sórt, ar aon dul le beartas an Rialtais sa réimse seo. I 2015 fuarthas 17 n-achomharc i dtaca le tionscadail scoile / oideachais agus aicmíodh iad mar achomhairc thús áite. Cuireadh 18 gcinn de láimh i 2015, 78% laistigh den tréimhse reachtúil cuspóire.

## Cásanna Beaga

I 2015, thosaigh an eagraíocht ar nósanna imeachta nua líomhchóirithe a chur chun feidhme faoin ndéileálfáí le cásanna beaga, m.sh. forbairtí beaga cónaithe (suas le dhá theach in gceantair uirbeacha), leathnuithe tí agus miontograí forbartha eile. Is é an cuspóir foriomlán cinntí a eisiúint go comhsheasmhach ar chásanna mar sin

## Priority Appeals

Some normal planning appeals are classified as 'Priority Appeals'. Appeals in respect of developments which have a significant employment or economic potential, on a national, regional and / or local scale are giving priority status in order to expedite them through the system. In 2015, 82% of all priority appeals were disposed of within the target of 18 weeks.

Priority is also given to new school buildings / educational facilities, and extensions, in line with Government policy in this area. In 2015, 17 appeals in relation to school / education projects were received and classified as priority appeals. Eighteen were disposed of in 2015, 78% within statutory objective period.

## Small Cases

During 2015, the organisation commenced the implementation of new streamlined procedures to deal with smaller cases, for example, residential developments (up to two no. houses in urban areas), domestic extensions and other relatively minor development proposals. The overall objective is to consistently issue decisions on such

laistigh de 14 seachtaíne. Cinneadh 218 gcás mar sin i 2015, agus cinneadh 78% díobh laistigh de 14 seachtaíne. Déanfar monatóireacht dhlúth ar an scéim i 2016 agus d'fhéadfadh raon na gcineálacha forbartha a áireofar ann a leathnú, má mheastar é a bheith cuí.

cases within 14 weeks. During 2015, 218 of such cases were decided and 78% within 14 weeks. The scheme will be closely monitored during 2016 and the range of development types to be included may be expanded if deemed appropriate.

**Figiúr 9**  
Samplaí d'Achomhairc Thosaíochta

**Figure 9**  
Examples of Priority Appeals

Cás	Cinneadh	Case	Decision
209 aonad cónaithe agus aonad oifige amháin, Cros Araigil, Baile Átha Cliath 6	Deonaithe	209 residential units and 1 office unit, Harold's Cross, Dublin 6	Granted
Uasghrádú ar líne lastuas 110kV Bhéal Átha Chomhraic go Caisleán an Bharraigh, Béal Átha Chomhraic, Co. Mhaigh Eo	Deonaithe	Upgrade of the existing Bellacorick to Castlebar 110kV overhead line, Bellacorick, Co. Mayo	Granted
270 teach cónaithe a thógáil, Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath	Deonaithe	Construction of 270 no. dwelling houses, Portmarnock, Co. Dublin	Granted
Forbairt fuinnimh ghréine PV (5MW), Tinteirn, Co. Loch Garman	Deonaithe	Solar PV energy development (5MW), Tintern, Co. Wexford	Granted
Campas ionad sonraí, Cluain Aodha, Co. na Mí	Deonaithe	Data centre campus, Clonee, Co. Meath	Granted
Bunscoil 8 seomra ranga, Trá Lí, Co. Chiarráí	Deonaithe	8 classroom Primary School, Tralee, Co. Kerry	Granted
Forbairt úsáid mheasctha miondíola agus oifige (scartáil an Capital Cinema, mar a bhí), Sráid an Chapaill Bhí,	Deonaithe	Mixed use retail and office development (demolition of former Capitol Cinema), Grand Parade,	Granted
Síneadh ar an Ionad Aosoideachais agus Oiliúna, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall	Deonaithe	Extension to Adult Education and Training Centre, Buncrana, Co. Donegal	Granted
Forbairt úsáid mheasctha trí urlár ag Ionad Siopadóireachta Ros Cré, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann	Diúltaithe	Three storey mixed use development at Roscrea Shopping Centre, Roscrea, Co. Tipperary	Refused
Limistéar seirbhíse mótarbhealaigh as line, Baile Mhistéil, Co. Chorcaí	Diúltaithe	Off-line motorway service area, Mitchelstown, Co. Cork	Refused





## Achomhairc de réir Ceantair

Tugtar in Agusín 2 anailís ar chinntí maidir le iarratais phleanála, achomhairc agus cinntí achomhairc i gcás gach limistéir contae agus cathrach. Achomhairc ab ea 7.2% de na hiarratais phleanála a fuarthas sa bhliain 2015, (7.25% sa bhliain 2014). Ba iad Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fuair an lín ba mhó achomharc in aghaidh cinntí 15.6%, 12.4% agus 11.9% faoi seach.

## Doiciméid á gcur isteach ag Údarás Phleanála

Ceanglaítear ar údaráis phleanála an comhad pleánala agus doiciméid eile maidir le hachomharc a chur chuig an mBord Pleánala laistigh de thréimhse reachtúil coicise. B'amhlaidh i gcás 84% d'achomhairc i 2015 (81% i 2014).

## Appeals by Area

An analysis of planning application decisions by local authorities and related appeals to An Bord Pleanála for each county and city area is shown in Appendix 2. Overall, the number of appeals received in 2015 as a percentage of planning authority applications was 7.2% (7.25% in 2014). Dublin City Council, Cork City Council and Dun Laoghaire-Rathdown County Council had the highest levels of decisions appealed respectively at 15.6%, 12.4% and 11.9%.

## Submission of documents by Planning Authorities

Planning authorities are required to submit the planning file and other documents in relation to appeals to An Bord Pleanála within a statutory period of two weeks. In 2015, this was the case for 84% of appeals (81% in 2014).



## 3 Cásanna Forbartha Bonneagar Straitéiseach

## Strategic Infrastructure Development Cases



Na forálacha atá leagtha síos san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe, maidir le hiarratais dhíreacha a dhéanamh ar Fhorbairt Bhonneagair Straitéisigh phoiblí agus phríobháideach chuig an mBord Pleanála, tháinig siad i bhfeidhm an 31 Eanáir 2007. Sna naoi mbliana nach mór ó tháinig na forálacha sin i bhfeidhm, tá 64 iarratas cinnte go foirmiúil ag an mBord ar cinneadh 34 (53%) díobh laistigh den tréimhse reachtúil ama.

The provisions set out in the Planning and Development Act 2000, as amended, for the making of direct applications for public and private Strategic Infrastructure Development to An Bord Pleanála came into operation on 31<sup>st</sup> January 2007. In the almost nine years since these provisions have been in place, the Board has formally decided 64 applications of which 34 (53%) were within the statutory time period.



De ghnáth, baineann iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh le forbairtí ar an mórchóir, dála tionscadail chasta náisiúnta agus réigiúnach, agus cuireann an pobal spéis mhór iontu. Ba chóir féachaint ar an bhfeidhmíocht iomlán de 53% d'iarratais a bheith cinnte de laistigh den thréimse reachtúil ama de 18 seachtaine (tar éis tréimhse thuairimí an phobail) i bhfianaise fheidhmíochtaí eagraíochtaí i ndlínsí eile a bhfuil creatáil pleanála den sórt céanna acu, mar ar féidir tuairim is 75 seachtaine a chaitheamh ag breithniú tionscadail bonneagair.

I gcás Forbairtí Bonneagair Straitéisigh, ach amháin iad siúd ó Údarás Áitiúla, ceanglaítear dul i gcomhairle roimh an iarratas leis an mBord Pleanála. I gcás na gcomhairliúchán sin, tá sprioc socraithe ag an mBord Pleanála faoina mbíonn an chéad chruinníú ann laistigh de ceithre seachtaine ó iarratas foirmiúil a fháil, ar choinníoll go gcuirtear dóthain faisnéise ar fáil. De ghnáth, éascóidh an Bord Pleanála an t-iarratasóir ionchasach trí luas agus dul chun cinn an phróisis réamhiarratais a shocrú de réir riachtanais an iarratasóra.

Tá Cuspóir Reachtúil Ama i bhfeidhm a gcaithfear iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a chur de láimh linn.

#### **A. Iarratais maidir le Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Aonán Phríobháideacha agus Gealltóirí Reachtúla)**

I 2015, fuair an Bord 30 iarratas ar chomhairliúchán réamhiarratais, bhí 53 chruinníú ann le hiarratasóirí ionchasacha agus tugadh 35 iarratas chun críche (Fígiúr 10). Ba é an toradh sna 35 cás a tugadh chun críche: ocht gcinn a cinneadh a bheith ina bhFBS, 23 nár measadh a bheith ina FBS, agus ceithre cinn a cuireadh de láimh ar shlí éigin eile.

Strategic Infrastructure Development applications relate, in most instances, to large, complex projects of national or regional importance and attract significant public interest. The overall performance of 53% determined within the statutory time period of 18 weeks (following the period for public comment) should be viewed in the context of the performance of organisations in other jurisdictions with similar planning frameworks where infrastructure project consideration can take circa 75 weeks.

For Strategic Infrastructure Developments, excepting those from Local Authorities, it is mandatory to have pre-application consultations with An Bord Pleanála. A target has been set internally of holding the first meeting within four weeks of the receipt of a valid formal request, provided that sufficient information is supplied. As a general rule, the prospective applicant will be facilitated in setting the pace and progress of the pre-application process.

The Statutory Objective Period applies to the disposal of the subsequent Strategic Infrastructure Development application case.

#### **A. Strategic Infrastructure Development Applications (Private Entities and Statutory Undertakers)**

In 2015, An Bord Pleanála received 30 requests for pre-application consultations, held 53 meetings with prospective applicants and concluded 35 requests (Figure 10). Of the 35 cases concluded, eight were deemed to be SID, and 23 were deemed not to be SID; four applications were otherwise disposed of.

**Figiúr 10**

Cásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh (Aonán Phríobháideacha agus Gealltóirí Reachtúla)

**Figure 10**

Strategic Infrastructure Development Cases  
(Private Entities and Statutory Undertakers)

		Ar láimh, túis	Faighe	Críochnaithe	Ar láimh, deireadh
		On-hands start	Received	Concluded	On-hands end
Iarrataí ar Chomhairliúchán	Consultation Requests	32	30	35	27
Iarratais	Applications	9	8	7	10
Iarrataí Scóipe	Scoping Requests	0	0	0	0
Iarrataí ar Athrú / Leasú	Alteration / Amendment Requests	0	6	2	4
Treoracha / Díolúintí RTT	EIS Directions / Exemptions	0	1	1	0
Tarchuir	Referrals	0	1	1	0
<b>Iomlán</b>	<b>Total</b>	<b>41</b>	<b>46</b>	<b>46</b>	<b>41</b>

**Figiúr 11**

Iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a fuarthas

**Figure 11**

Strategic Infrastructure Development Applications Received

Cas	Case
Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach, Baile Átha Cliath	National Paediatric Hospital, Dublin.
An tIdirnascaire Leictreachais Thuaidh-Theas, Contaetha na Mí, an Chabháin agus Mhuineacháin.	North-South Electricity Interconnector, Counties Meath, Cavan and Monaghan.
Áis Bearta Turas Mara, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.	Cruise berth facility, Dun Laoghaire, County Dublin.
Feirm Ghaoithe, An Mhín Bhoig, Contae Dhún na nGall	Wind Farm, Meenbog, County Donegal.
Feirm Ghaoithe, Contae Chill Dara agus Contae na Mí.	Wind Farm, County Kildare and County Meath.
Feirm Ghaoithe, Contae Chorcaí agus Contae Chiarraí.	Wind Farm, County Cork and County Kerry.
Athruithe ar líne 220 kV, Cluain Aodha, Contae na Mí.	Alterations to 220 kV line, Clonee, County Meath.
Fostáisiún 220/110 kV, Caisleán na Gráinsí, Contae Bhaile Átha Cliath	220/110 kV Substation, Grange Castle, County Dublin



Sa bhliain 2015 fuarthasocht n-iarratas (Figiúr 11) agus tugadh seacht n-iarratas chun críche. Maidir leis na cásanna a tugadh chun críche, thug an Bord cead i gcás ceithre cinn d'iarratais phríobháideacha ar Fhorbairt Seachtú Sceidil, diúltaíodh do dhá cheann agus ceadaíodh iarratas amháin leictreachais (Figiúr 12).

San áireamh sna cásanna sin bhí dhá cheann de mhórfhorbairtí poirt i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, athfhorbairt Ospidéal Naomh Íde, Co. Bhaile Átha Cliath mar ospidéal seirbhísí foiréinseacha meabhairshláinte agus dhá thogra do fheirmeacha gaoithe móra i gConnachta.

B'éisgean éisteachtaí ó bhéal a thionól i gceithre chás agus gineadh mórchuid spéis phoiblí agus aighneachtaí agus b'éisgean RTT agus Measúnú Cuí a dhéanamh i ngach cás.

Iarradh faisnéis bhreise ó na hiarrthóirí i roinnt de na cásanna seo lena dtuairisc a chríochnú, nó le cumasú don Bhord a bheith in ann an cás a chinneadh. Chuir sé sin moill ar chinnteoireacht de bhrí go gcaithfí an aighneacht a athbhreithniú agus a scaipeadh go ginearálta, nó a chur ar fáil le haghaidh tuairimí eile ó rannpháirtithe ar mhaithleis an gceartas.

De bhrí go mbíonn mionscrúdú agus measúnú de dhíth i mórchásanna forbartha sula ndéantar cinneadh, is minic a sháraíonn siad an tréimhse reachtúil. Den seacht n-iarratas a tugadh chun críche i 2015, sháraigh cúig cinn an Tréimhse Reachtúil Ama.

Cinneadh an t-iarratas ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin laistigh de 18 seachtaine de bhrí nach raibh aon éisteacht ó bhéal, níor tháinig aon cheist MTT / MC

In 2015, eight applications were received (Figure 11) and seven applications were concluded. In respect of the concluded cases, the Board granted permission for four private Seventh Schedule Developments applications, refused two and granted approval for one electricity application (Figure 12).

These cases included two major port developments in Dublin and Cork, the redevelopment of St. Ita's Hospital, Co Dublin as a forensic mental health services hospital and two very large wind farm proposals in Connacht.

Four cases required oral hearings and generated a significant volume of public interest and submissions and all of them required EIA and Appropriate Assessment.

For some of these cases, further information from the applicants was required by the reporting inspector in order for them to complete their report, or to enable the Board to be in a position to decide the case. This delayed decision making as submissions had to be reviewed and generally circulated, or made available for further observations from participants in the interest of justice.

As major development cases require very detailed examination and assessment before decision, they can often run well over the statutory timelines. Of the seven applications concluded in 2015, five exceeded the Statutory Objective Period.

The application for the National Rehabilitation Hospital, Co Dublin was decided within 18 weeks as no oral hearing was held, no complex EIA / AA issue arose

chasta chun cinn agus ní bhfuarthas lón mór aighneacht. Cuireadh moill ar chásanna eile de bharr leibhéal agus castacht na gceisteanna, lón na bpáirtithe leasmhara agus an riachtanas faisnéise nua a scaipeadh agus ceisteanna a tháinig chun cinn ó aighneachtaí a shoiléiriú.

and it did not attract a significant number of submissions. Delays in other cases were the result of the complex nature of issues, the number of interested parties and the requirement to circulate new information and to clarify issues arising from submissions.

**Figiúr 12**  
Iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh  
Tugtha chun Críche

**Figure 12**  
Strategic Infrastructure Development  
Applications Concluded

Iarratais Phríobháideacha (7ú Sceideal)		Private Applications (7th Schedule)	
Cur síos	Cinneadh	Description	Decision
Athfhorbairt ar Phort Átha Cliath	Deonaithe	Redevelopment of Dublin Port	Granted
Athfhorbairt ar Phort Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí.	Deonaithe	Redevelopment of Ringaskiddy Port, Co. Cork	Granted
An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin ag Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath	Deonaithe	National Rehabilitation Hospital at Dun Laoghaire, Co. Dublin	Granted
Ospidéal an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí Phort Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath	Deonaithe	National Forensic Mental Health Services Hospital at Portrane, Co. Dublin	Granted
Feirm Ghaoithe ag an gCladán, Co. Mhaigh Eo	Diúltaithe	Wind Farm at Cluddaun, Co. Mayo	Refused
Feirm Ghaoithe ag na hArd-Doiriú, Co. na Gaillimhe	Diúltaithe	Wind Farm at Ardderroo, Co. Galway	Refused
Iarratais Leictreachais		Electricity Applications	
Cur síos	Cinneadh	Description	Decision
Fostáisiún agus nasc lúb isteach ag Cluain Aodha, Co. na Mí	Ceadú	Substation and loop-in connection at Clonee, Co. Meath	Approved





## B. Iarratais ó Údaráis Áitiúil ar Bhonneagar Forbartha Straitéisigh

Ba bheag gníomhaíochta a bhí ann maidir leis an gcatagóir cásobre seo; fuarthas iarratas amháin a aistarraingíodh ina dhiadhbh sin (Fígeár 13).

Tugadh comhairliúcháin réamhiarratais faoi na hAchtanna Bóithre isteach le reachtaíocht i mBealtaine 2015. Is féidir comhairliúcháin a sheoladh faoi lánrogha údarás bóithre nó Bonneagar lompair Éireann. Cuireadh túis le trí sheisiún comhairliúcháin i 2015 maidir leis na cásanna seo a leanas:

- Scéim Mhótarbhealaigh Chorcaigh to Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí
- Tionscadal lompair Chathair na Gaillimhe N6, agus
- Seachbhóthar Bhaile Shláine, Co. na Mí

Cloítear leis na nósanna imeachta agus cleachtais a bunaíodh do chásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh agus an Bord ag déileáil le comhairliúcháin réamhiarratais. Déanann an fhoireann phleanála agus riarracháin ionadaíochta ar son

## B. Local Authority Strategic Infrastructure Development Applications

There was little activity in relation to this category of casework, with only one application received and subsequently withdrawn (Figure 13).

In May 2015, pre-application consultations under the Roads Acts were introduced by legislation. Consultations may be held at the discretion of a roads authority or Transport Infrastructure Ireland. In 2015, three such consultations were initiated in relation to the following cases:

- Cork to Ringaskiddy Motorway Scheme, Co Cork
- N6 Galway City Transport Project, and
- Slane Bypass, Co Meath

In dealing with such pre-application consultations, the procedures and practices followed those established for Strategic Infrastructure Development cases. An Bord Pleanála is represented at such meetings by planning and administrative staff. Records



an Bhoird Phleanála ag cruinnithe den sórt sin. Coimeádtar taifid de na cruinnithe agus foilsítear na taifid ag críoch na gcomhairliúchán. Ní áirítear sna cruinnithe breithníu ar fhiúntais nó eile an tionscadail ach cuirtear comhairle ar fáil maidir le:

- na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh; agus
- ábhair maidir le héifeachtaí na forbartha beartaithe ar an timpeallacht nó ar phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chinneadh ar iarratas.

Ag deireadh 2015, bhí trí cinn de chomhairliúcháin ar siúl i gcónaí.

are kept of the meetings and on conclusion of consultations the records are published. The meetings do not extend to consideration of the merits or otherwise of the project but do advise on:

- the procedures involved in making an application; and
- considerations relating to the effects of the proposed development on the environment or on proper planning and sustainable development that may have a bearing on a decision in relation to an application.

As at the end of 2015, all three consultations were still ongoing.

**Figiúr 13**  
Cásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh  
de chuid Údarás Áitiúla

**Figure 13**  
Local Authority Strategic Infrastructure  
Development Cases

		Faughte	Críochnaithe	Ar láimh, deireadh
		Received	Concluded	On-hands end
Iarratais	Applications	1	1	4
Iarrataí Scóipe	Scoping Requests	0	0	0
Cásanna Scagtha um Mheasúnú Tionchar Timpeallachta	Environmental Impact Assessment Screening Cases	3	4	0
Iarrataí ar Athrú / Leasú	Alteration / Amendment Requests	1	2	0
Díolúine ó Ráiteas Tionchair Timpeallachta	Environmental Impact Statement Exemption	0	0	0
Comhairliúcháin	Consultations	3	0	3
<b>Iomlán</b>	<b>Total</b>	<b>8</b>	<b>7</b>	<b>7</b>



## 4 Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile

Déileálann an Bord Pleanála le cásanna eile Údaráis Áitiúil eile, leis, lena n-áirítear Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) agus fáil éigeantach faoi na hAchtanna um Láithreán Thréigthe 1990 agus Measúnuithe Cui.

## Other Local Authority Projects

An Bord Pleanála also deals with other Local Authority cases including Compulsory Purchase Orders (CPO) and compulsory acquisition under the Derelict Sites Act 1990 and Appropriate Assessments.

**Figiúr 14**  
Tionscadail Údaráis Áitiúil

		Faigte	Críochnaithe	Ar láimh, deireadh
		Received	Concluded	On-hands end
Fáil Éigeantach Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ)	Compulsory Acquisition Compulsory Purchase Order (CPO)	41	32	13
Fáil Éigeantach Láithreán Tréigthe	Compulsory Acquisition Derelict Sites	0	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>Total</b>	<b>41</b>	<b>32</b>	<b>13</b>

### Fáil Éigeantach

De na cásanna tógála éigeantaigh a tugadh chun críche i 2015, ceadaíodh dhá chás gan mhionathrú agus ceadaíodh ceann amháin ach mionathruithe a dhéanamh; cuireadh dhá chás ar neamhní. Rinneadh 27 gcinneadh neamhfhoirmiúla, i gcás, mar shampla, nach bhfuarthas aon agóid i gcásanna Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. De na cásanna seo a cinneadh, cuireadh gach ceann díobh de láimh go foirmiúil laistigh den tréimhse reachtúil.

### Compulsory Acquisition

Of the compulsory acquisition cases concluded in 2015, two cases were approved without modifications and one was approved with modifications; two were annulled. There were 27 informal decisions, for instance, where no objections were received in Compulsory Purchase Order cases. Of these decided cases, all were formally disposed of within the statutory objective period.

## Cásanna Údaráis Áitiúil de Mheasúnú Cuí

Is éard is Measúnú Cuí ann measúnú ar an dochar nó an difríocht shuntasach a d'fhéadfadh pleán nó tionscadal a dhéanamh d'iomláine suímh atá faoi chosaínt ag Treoir an AE maidir le Gnáthóga.

I gcás ina n-iarrtar Measúnú Cuí maidir le tionscadal Údaráis Áitiúil nó i gcás ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh cibé an bhuil gá le Measúnú Cuí, is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil.

Fuair an Bord Pleanála ocht gcás Measúnachta Cuí i 2015 agus tugadh 11 chás chun críche (Fígiúr 15). Den 11 chás sin, ceadaíodh seacht gcinn agus cinneadh nár ghá Measúnú Cuí i dtí chás eile agus cinneadh gur gá Ráiteas Tionchair Natura (RTN) i gcás amháin eile.

I gcás iarratas inar gá Measúnú Cuí, aisghabhann an Bord Pleanála ón údarás áitiúil na costais a ghabhann le próiseáil an iarratais. Bhí an meánchostas a aisghabhadh i 2015 go díreach faoi bhun €10,000. Ní aisghabhtar costas as ordú a thabhairt cibé an gá RTN nó nach gá.

**Fígiúr 15**  
Cásanna Measúnacht Chuí

## Local Authority Appropriate Assessment Cases

Appropriate Assessment is an assessment of the potential of a plan or project to adversely and significantly affect the integrity of a site which is protected under the EU Habitats Directive.

Where a Local Authority project requires Appropriate Assessment or where it needs to be determined whether or not Appropriate Assessment is required, the Competent Authority is An Bord Pleanála.

In 2015, eight Appropriate Assessment cases were received and the number of cases concluded was 11 (Figure 15). Of the 11 cases, seven were approved and three were determined not to require Appropriate Assessment applications; one was determined to require a Natura Impact Statement (NIS).

For an Appropriate Assessment application, An Bord Pleanála recoups its costs of processing the application from the local authority. In 2015, the median cost recouped per application was just under €10,000. There is no cost recoupment for directing whether or not an NIS is required.

**Figure 15**  
Appropriate Assessment Cases

		Faighte	Críochnaithe	Ar láimh, deireadh
		Received	Concluded	On-hands end
Iarratais ar Mheasúnacht Chuí	Appropriate Assessment Applications	5	7	0
Cinntí Mheasúnacht Chuí	Appropriate Assessment Determinations	3	4	0
<b>Iomlán</b>	<b>Total</b>	<b>8</b>	<b>11</b>	<b>0</b>



## 5 Cásanna Toilithe Ionaid agus Cairéil

